



Oileán na Seod

Céim	Snáithe	Snáithaonad
4	Cruth and Spás	Feasacht ar spásúlacht agus ar shuíomh

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
<ul style="list-style-type: none"> Trí eispéiris chúí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann cur síos a dhéanamh ar shuíomh ar an bplána comhordanáideach iomlán 	<ul style="list-style-type: none"> Is féidir cur síos a dhéanamh ar ionad beacht ar léarscáil agus an t-ionad a fháil ach úsáid a bhaint as comhordanáidí. Tá x-ais chothrománach agus y-ais ingearach ar an bplána comhordúcháin. Sainnithníonn na comhordanáidí suíomh pointe. Cuimsítear leis na comhordanáidí péirí uimhreacha, a léiríonn an t-achar ar fud na x-aise agus na y-aise faoi seach.

Matamaitic á Fhoghlaim

San eispéireas foghlama seo, forbraíonn páistí céimseata na gcomhordanáidí trí úsáid a bhaint as scileanna réasúnaithe spásúla agus réitithe fadhbanna loighciúla. Glacann an páiste ról an taisceora atá ag cuardach taisce atá i bhfolach ar léarscáil oileáin, atá leagtha amach ar eangach. Tá an taisce i bhfolach i gcearnóg amháin ar an eangach, agus is é sprioc an pháiste í a aimsiú trí leidí comhordanáideacha a léirmhíniú. Ag gach comhordanáid, sainnithníonn siad an rud atá suite ann agus tógann siad an chéad litir dá ainm, m.sh. eilifint (E). Nuair a chuirtear na litreacha seo le chéile, litrítear suíomh na taisce i bhfocail, rud a léiríonn na comhordanáidí cruinne. (Íomhá le caoinchead Nrich)



Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna
An Páiste ...			
<p>aithníonn réimse réada ar an léarscáil de réir comhordanáidí.</p> <p>Tuigeann conas suíomh gach réada a chur síos ag úsáid na n-ais x agus y.</p>	<p>Úsáideann comhordanáidí agus teanga spásúil chun suíomh réad a shonrú m.sh. muileann ag (6,2).</p>	<p>Míníonn an loighic: tagann x roimh y i gcónaí (cosúil leis an aibítir).</p>	<p>Cuireann eolas ar chomhordanáidí i bhfeidhm chun réada a aimsiú ar an oileán.</p> <p>Úsáideann réasúnú spásúil chun suíomh na taisce a aimsiú.</p>



Matamaitic á Teagasc

Meon Táirgiúil a Chothú

Spreag fiosracht agus neamhspleáchas agus na páistí ag gabháil don dúshlán matamaiticiúil seo.

Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic

Spreag na páistí le bheith ina dtaiscéalaithe, ag úsáid leideanna chun an léarscáil a nasc leanúint agus an taisce a aimsiú.

Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil

Meabhraigh do na páistí chun comhordanáidí a léamh mar shuíomhanna agus chun na réada a bhaineann leo a shainaithint, agus an eangach á húsáid mar léarscáil mhatamaitice.

Tabhair seans do na páistí, le do cabhair, chun a léarscáil órchiste féin a dhéanamh ina dtugann siad comhordanáidí ar réada éagsúla, agus seans dóibh chun iniúchadh a dhéanamh agus a gcuid smaointe a thaifeadadh (eangaí ar cláir bhána, eangaí ar an urláir, páipéar isiméadrach srl.)

Tascanna atá Dúshlánach go Cognáioch a Úsáid

Iarr ar na páistí suíomh nua a roghnú agus sraith leideanna a sholáthar do pháistí eile chun an taisce a aimsiú.

Comhrá Mata a Chur Chun Cinn

Comhdhéan 'Balla Focal na Teanga Spásúla' leis na páistí. Spreag iad tagairt a dhéanamh dó agus iad ag míniú agus ag cosaint a gcuid smaointeoireachta.

Measúnú ar Mhatamaitic

- € An bhfuil an páiste inniúil ag úsáid teanga na gcomhordanáidí agus an réasúnaithe spásúil?
- € An féidir leis na páistí a straitéisí a mhíniú agus a gcuid smaointe a athbhreithniú bunaithe ar léargais nua a bailíodh i ngrúpaí beaga agus i bplé ranga?

Foinse

Curtha in oiriúint ó: <https://nrich.maths.org/problems/treasure-island>



Oide

